

Léitheoirí na Gaeilge

Achoimre feidhmitheach ar Phróiseas Comhairliúcháin Nollaig 2020 – Eanáir 2021

Eolas comhthéacsúil

- Scaipeadh pacáiste eolais, ceistneoir agus nasc leictreonach chuig suirbhé ar thart ar 180 páirtí leasmhar i saol na léitheoireachta.
- Bhí an nasc leictreonach ar an suíomh, léitheoirí.ie, freisin le go mbeadh teacht ar an bpobal i gcoitinne air.
- Cuireadh tús leis an tréimhse comhairliúcháin seo ar an 15 Nollaig 2020 agus tháinig deireadh leis ar an 29 Eanáir 2021.
- Fuarthas aiseolas ó 73 páirtí leasmhar lonnaithe in earnálacha éagsúla (oideachas, pleanáil teanga, foilsitheoireacht, díolachán leabhair, na healaíona srl. ina measc) mar fhreagra ar an gceistneoir MS Word nó ar go hanaithnid trí Survey Monkey.
- Bhí 12 freagróir ar ríomhphost agus 61 freagróir ar Survey Monkey (16% : 84%).
- Leagadh an t-ábhar amach go dátheangach. D'fhreagair 18 de na freagróirí i mBéarla agus 55 i nGaeilge (25%: 75%).

Mórpointí a bhí le feiceáil sna freagraí

1)

Na dúshláin roimh chothú na léitheoireachta Gaeilge i láthair na huaire:

- Easpa margáiochta agus eolais, nó deacrachtaí le dáileachán agus rochtain ar na leabhair.
- Easpa eolais faoi spriocléitheoirí agus spriocaoiseanna na leabhar, leibhéal teanga srl.
- Bearnaí sa mhargadh: easpa ábhar léitheoireachta i ngach seánra agus do gach aoisghrúpa agus caighdeán teanga. Gnáthfhicsean, scíthléitheoireacht, ábhar do pháistí (6-9 agus 9-12 go háirithe) agus ábhar do dhéagóirí ('YA') luaite go sonrach.
- An córas oideachais: cleachtas a chruthú go luath i saol an ghasúir, agus iad a choinneáil tríd na déaga; dearcadh coitianta i measc daltaí scoile agus múinteoirí nach bhfuil sa Ghaeilge ach ábhar scoile; curaclam Gaeilge léann-dírithe in áit curaclam spéis-dírithe agus spraoi-dhírithe; cumas na dtuismitheoirí chun a bheith páirteach i léitheoireachta na bpáistí.
- Deacrachtaí leis an teanga/foghlaim na Gaeilge agus ábhar oiriúnach a aimsiú. Níl sé éasca dóibh siúd atá ar mheánleibhéal Gaeilge (i.e. TEG B1-B2) teacht ar ábhar léitheoireachta atá fóirsteanach dóibh. Mar shampla, freagra a fháil ar cheist mar 'is léitheoir fásta mé le leibhéal B1 Gaeilge, cad iad na húrscéalta atá ar fáil go mbeinn ábalta iad a léamh?'
- Nós na léitheoireachta é féin a chur chun cinn.

2)

Beartais a rachadh chun sochair do chur chun cinn na léitheoireachta Gaeilge:

- Bhí cuid d'aidhmeanna an tionscadail luaite go minic sna freagraí: lárionad digiteach; córas grádaithe; liostaí leabhar a fhoilsiú; tuilleadh léirmheasanna a chur ar fáil; bealach chun ábhar oiriúnach a aimsiú ag brath ar leibhéal teanga agus spéiseanna léitheoireachta an duine srl.

- Éiríonn go leor daoine óga as a bheith ag léamh trí Ghaeilge ag aois 9/10 (thart ar Rang 4 sa bhunscoil). Baineann sé seo le léitheoireacht go ginearálta ach iad siúd a leanann ar aghaidh ag léamh, iompaíonn siad ar an mBéarla mar gheall ar easpa leabhar don aoisghrúpa sin. Géarghá le feachtas scríbhneoireachta chun níos mó leabhar nua-scríofa a chur ar fáil don aoisghrúpa seo.
- Teicneolaíocht: tuilleadh closleabhar a fhoilsiú agus iad a bheith ar fáil ar Audible nó a leithéid; tá ríomhleabhair ar fáil ar BorrowBox (aip saor in aisce atá ag na leabharlanna poiblí) ach ba cheart tuilleadh ábhar a chur ar fáil; acmhainní ar líne do ríomhleabhair do Kindle srl/aip a chruthú mar ‘e-reader’ do leabhair Ghaeilge a mbeadh in ann an seanchló a úsáid; Whispersync.
- Modúl léitheoireachta nua a fhorbairt don churaclam Ghaeilge iar-bhunscoile.

3)

Moltaí sonracha faoi leabharlanna:

- Béim níos láidre ar an nGaeilge sna leabharlanna poiblí; seilfeanna le leabhair Ghaeilge níos feiceálaí; rogha níos leithe d’ábhar.
- ‘Dúshlán Léitheoireachta’ a chruthú i nGaeilge do gach aoisghrúpa. Bíonn dúshlán léitheoireachta gach samhradh chun spreagadh a thabhairt do pháistí 6 leabhar ar a laghad a léamh. Má éiríonn le léitheoir óg 6 leabhar a léamh agus an sprioc sin a shroichint, léirítear go mbíonn dea-thionchar aige sin ar an muinín a bhíonn acu astu féin mar léitheoir.
- Deontas aon-uaire a chur ar fáil do gach leabharlann chun stoc a cheannach agus an ciste leabhar a mhéadú bliain ar bhliain. Agus go mbeadh na leabhair Ghaeilge saor ó ghlanadh (‘clearance’) murar thógtar amach ar iasacht iad go minic.
- Feachtas margadóchta náisiúnta do clubleabhar.com i bpáirt le leabharlanna poiblí, BorrowBox, díoltóirí leabhar agus foilsitheoirí Gaeilge le go mbeadh Leabhar na Míosa ar eolas ag daoine roimh ré agus ar fáil go forleathan mar leaganacha r-leabhair nó closleabhair le ceannach nó ar iasacht. Is féidir le BorrowBox go leor cóipeanna de ‘campaign titles’ a chur ar fáil le go mbeadh fáil ag daoine ar an ríomhleabhar beagnach gan teorainn ag an am céanna, rogha a bheadh oiriúnach do chlubanna leabhar ar líne.
- Bunachar a chruthú de scríbhneoirí na Gaeilge a bheadh ar fáil chun a gcuid saothar a léamh, d’ócáidí ar líne i nGaeilge agus dátheangach i leabharlanna, scoileanna, siopaí leabhar srl. Bíonn deacrachtaí ann teacht ar údair Ghaeilge d’ócáidí i leabharlanna.

4)

Moltaí le cur leis an tionscadal ‘Léitheoirí na Gaeilge’ mar a fógraíodh é:

- Léiríodh an-suim sna léirmheasanna a bheadh ar fáil ar an suíomh agus aithníodh an tábhacht a bhaineann lena leithéid ach iad a bheith feiceálach go leor. Comórtais a réachtáil le scileanna léirmheastóireachta a fhorbairt.
- Ailt ghearra faoi na húdair, ábhar sa bhreis faoi na leabhair, agallaimh le scríbhneoirí srl.
- Imeachtaí agus clubanna leabhar a spreagadh dírithe ar aoisghrúpaí éagsúla agus oiriúnach do dhaoine ag gach leibhéal teanga. Club leabhar ar an raidió agus ar an teilifís.
- Dúil sa scríbhneoireacht a chothú i measc na ndaoine óga: comhoibriú cruthaitheach le TG4/RTÉ agus beochantóirí cosúil le Cartoon Saloon chun carachtair aitheanta a chruthú

do pháistí agus iad a cheangal le leabhair faoina gcuid eachtraí; nasc le Laureate na nÓg, sraith físeán nó a leithéid; straitéis ‘World Book Day’ don Ghaeilge (níl Gaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht san áireamh sa chlár reatha atá ag ‘World Book Day’).

- Leabhair Ghaeilge nua pléite ag na meáin Bhéarla.
- Acmhainní le cuidiú le daoine a bhfuil disléicse nó deacracht eile foghlama acu.
- Páirtithe leasmhara eile a d’fhéadfadh páirt a ghlacadh sa tionscadal.

Is fiú an dea-thoil a léirigh eagraíochtaí agus dreamanna ar leith tacú leis an togra seo agus chuir roinnt acu in iúl go mbeadh siad an-sásta comhoibriú le ‘Léitheoirí na Gaeilge’ amach anseo.